Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2026/448

2.2.2026

**Achomharc arna thabhairt an 18 Samhain 2025 ag Poblacht na hOstaire i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an Mór-Dhlísheomra) a tugadh an 10 Meán Fómhair 2025 i gCás T-625/22, Poblacht na hOstaire v an Coimisiún Eorpach**

**(Cás C-739/25 P)**

(C/2026/448)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Achomharcóir:* Poblacht na hOstaire (ionadaithe: M. Klamert, F. Koppensteiner agus C. Krenn, i gcáil Gníomhairí, agus an t-Ollamh M. Chamon agus S. Lünenbürger, Rechtsanwältin)

*Páirtithe eile sna himeachtaí:* An Coimisiún Eorpach, Poblacht na Bulgáire, Poblacht na Seice, Poblacht na Fraince, Ard-Diúcacht Lucsamburg, an Ungáir, Poblacht na Polainne, an Rómáin, Poblacht na Slóivéine, Poblacht na Slóvaice, Poblacht na Fionlainne

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann Poblacht na hOstaire ar an gCúirt Bhreithiúnais:

— breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 10 Meán Fómhair 2025 i gCás T-625/22, *an Ostair* v *an Coimisiún* a chur ar neamhní;

— seasamh leis an iarratas ag an gcéad chéim ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1214 ([1]) a chur ar neamhní;

— a ordú don Choimisiún Eorpach costais na n-imeachtaí a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca lena hachomharc, maíonn Poblacht na hOstaire cheithre fhoras achomhairc.

Ar an gcéad dul síos, líomhnaíonn an Ostair gur chuir an Chúirt Ghinearálta caighdeán athbhreithnithe mícheart i bhfeidhm agus gur theip uirthi cúiseanna a lua. Maítear gur cosúil go bhfuil an breithiúnas atá faoi achomharc neamhdhleathach a mhéid a theorannaíonn an Chúirt Ghinearálta go mícheart raon feidhme a cumhachta athbhreithnithe do cé acu atá nó nach bhfuil an Rialachán atá faoi chonspóid curtha ó bhail mar gheall ar earráid fhollasach mheasúnaithe nó cé acu atá nó nach bhfuil earráid fhollasach ann ar thaobh an Choimisiúin lena dtugtar údar le neamhniú an Rialacháin. Is é an toradh a bhíonn ar an gcaighdeán athbhreithnithe mícheart sin ag an gCúirt Ghinearálta go mainnítear cúiseanna a lua.

Ar an dara dul síos, rinne an Chúirt Ghinearálta earráid agus í ag diúltú go mícheart go ndearnadh sárú ar cheanglais nós imeachta Rialachán (AE) 2020/852 ([2]) mar bhunghníomh. Ba cheart measúnú tionchair nua agus comhairliúchán poiblí nua a bheith déanta sula nglacfar an Rialachán atá faoi chonspóid.

Ar an tríú dul síos, níor aithin an Chúirt Ghinearálta go sáraítear Airteagal 290 CFAE leis an Rialachán atá faoi chonspóid toisc, trí ghníomhaíochtaí eacnamaíocha i réimse an fhuinnimh núicléach a áireamh mar ghníomhaíochtaí idirthréimhseacha, go rialaítear leis an Rialachán sin gné bhunriachtanach den réimse ábhartha de réir bhrí Airteagal 290 CFAE, a fágadh ar oscailt sa bhunghníomh.

Ar an gceathrú dul síos, rinne an Chúirt Ghinearálta earráid nuair a chinn sí nár sáraíodh Airteagal 10(2), Airteagal 17, Airteagal 11(1)(a) agus Airteagal 19(1)(g) de Rialachán 2020/852.

---

([1]) Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún an 9 Márta 2022 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139 a mhéid a bhaineann le gníomhaíochtaí eacnamaíocha in earnálacha fuinnimh áirithe agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178 a mhéid a bhaineann le nochtadh poiblí maidir leis na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sin (IO 2022 L 188, lch. 1).

([2]) Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO 2020 L 198, lch. 13).